



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht Fheidhmeach, 2015

Feidhmithe Matamaiticiúla

(200 marc)

Dé hAoine, 5 Meitheamh
Maidin, 9:30 go dtí 11:30

Treoracha Ginearálta

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa spás seo:
2. Scríobh na freagraí ar fad sna boscaí nó sna spásanna sa fhreagarleabhar seo.
3. Taispeáin an obair riachtanach go léir sa spás atá ar fáil chuige sin.
4. Is ceadmhach áireamhán a úsáid.
5. Ba cheart na freagraí a bhfuil airgead ag baint leo a bheith ceart go dtí an cent is gaire, mura luaitear a mhalairt.

FREAGAIR CEIST A hAON AGUS TRÍ CHEIST EILE.
TÁ NA CEISTEANNA UILE AR AON MHARC.

<i>Don Fheitheoir amháin</i>		<i>Don Scrúdaitheoir amháin</i>			
Stampa an Ionaid				Ceist	Marc
				1	
				2	
				3	
				4	
		<i>Seiceáil charnach</i>		5	
Iomlán reatha		↔	Iomlán		
– Dícheadaithe			Bónas don Ghaeilge		
= Iomlán			Móriomlán	<input type="text"/>	
			Creidiúint	<input type="text"/>	

Ceist 1

(a) Faigh 4.8% de €535.40.

	Freagra:
--	----------

(b) Faigh luach $\sqrt{216}$, ceart go dtí ionad deachúlach amháin.

	Freagra:
--	----------


(c) Cosnaíonn sé €1.24 in aghaidh na huaire chun téitheoir a choinneáil ar siúl.
Cé mhéad a chosnóidh sé an téitheoir a choinneáil ar siúl ar feadh 2 uair agus 15 nóiméad?

	Freagra:
--	----------

(d) Roinntear duais €450 idir Proinsias agus Uaitéar sa chóimheas 2:3.
Cé mhéad airgid a fhaigheann gach duine den bheirt?

Faigheann Proinsias:	Faigheann Uaitéar:

(e) Ríomh achar an triantáin seo:



$$\text{Achar} = \frac{1}{2} \times \text{bonn} \times \text{airde}$$

	Freagra:
--	----------


(c) Scríobh síos an modh taistil módúil (**mód**) le dul ar scoil.

Mód =

(d) Cén **céatadán** de na mic léinn a shiúlann ar scoil?

	Freagra:
--	----------

Taispeánann an tábla thíos dhá ghrianghraf de mhéadar gáis. Tógadh an dara grianghraf 57 lá tar éis an chéad cheann. Tugtar an léamh ar cheann amháin de na grianghraif.

 <p>An chéad léamh: 6711 aonad gáis</p>	 <p>An dara léamh: _____ aonad gáis</p>
---	--

(e) **Líon isteach** an dara léamh sa tábla thuas.

(f) Faigh líon na n-aonad gáis a úsáideadh sa tréimhse sin.

	Freagra:
--	----------

Tugtar an táille iomlán (in €) don tréimhse sin leis an bhfoirmle seo thíos. Is é U líon na n-aonad a úsáideadh.

$$\left(\frac{113 \cdot 5}{100} \times 0 \cdot 6563 \times U \right) + 12 \cdot 81$$


(g) Úsáid an fhoirmle agus do fhreagra ar chuid (f) chun an táille iomlán don tréimhse sin a fháil.

	Freagra:
--	----------

Ich	iom. rea
-----	----------

Ceist 4

Taispeánann an léaráid thíos an mhírlíne $[CD]$, áit a bhfuil $|CD| = 8$ cm.



- (a) Marcáil **lárphointe** na mírlíne $[CD]$.
Cuir an **lipéad** M ar an lárphointe.
- (b) Tóg **chiorcal** a mbeidh a lárphointe ag M agus a mbeidh $[CD]$ mar thrastomhas ann.
- (c) Ríomh **achar** an chiorcail, agus tú ag glacadh le $\pi = 3 \cdot 142$.
Bíodh do fhreagra ina cm^2 , ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

$$\text{Achar} = \pi r^2$$

Freagra:

Ceist 5

Tá Siobhán ag déanamh borróg. Seo thíos an t-oideas a mbainfidh sí úsáid as.

Le haghaidh timpeall 20 borróg

Comhábhair

- ▶ 150 g Plúir
- ▶ 200 g Ime
- ▶ 120 g Siúcra
- ▶ 2 Ubh

Is oideas le haghaidh 20 borróg é sin. Tá Siobhán chun 50 borróg a dhéanamh.

(a) Faigh an méid de gach ceann de na comhábhair a bheidh ag teastáil chun 50 borróg a dhéanamh.

	_____ g Plúir
	_____ g Ime
	_____ g Siúcra
	_____ Ubh


Deirtear san oideas: “Déan an t-oigheann a théamh go 350° F roimh ré”.

Is i gcéimeanna Celsius atá oigheann Shiobhán.

(b) Athraigh 350° Fahrenheit ina chéimeanna Celsius leis an bhfoirmle $C = \frac{5(F - 32)}{9}$.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí an tslánuimhir is gaire.

	Freagra:
--	----------



An Ardeistiméireacht Fheidhmeach, 2015

Feidhmithe Matamaiticiúla

Dé hAoine, 5 Meitheamh
Maidin, 9:30 go dtí 11:30